

Epistil Phoil absdail chum na Romhanach

The Letter of Paul the Apostle to the Romans

An Irish and English Parallel Bible

The Irish translation was accomplished by William O'Domhnuill in 1602, and has been copied from an 1817 edition of that translation. William O'Domhnuill (d.1628), known also as William O'Daniel, Archbishop of Tuam was a native of Kilkenny, Ireland. It was while at Trinity College that William took up the work of translating *The New Testament - Tiomna Nuadh* into Irish. This work was begun by Nicolas Walsh, Bishop of Ossory, who was murdered in 1585, and afterwards it was continued by John Kearney (who translated and published the first Irish [protestant] Catechism, printed in Dublin in 1571), and Nehemias Donellan, Archbishop of Tuam in 1595. This translation was dedicated to the newly ascended King James I, and published by O'Daniel in 1603.

The English translation used in this booklet is the King James Version (KJV) of the Holy Bible, commissioned by King James I of England in 1604. The translation work was completed by forty-seven learned Biblical scholars in 1611 and published that same year. It has had the most profound impact not only on English literature as a whole, world-wide, but also on English-speaking peoples, world-wide! This same version is often referred to as the Authorised Version (AV). Despite its age, it is still very readable by the average reader today, and it remains one of the most widely-read literary works of all time.

Chapter

1	2	3	4
5	6	7	8
9	10	11	12
13	14	15	16

Epistil Phoil absdail chum na Romhanach

The Letter of Paul the Apostle to the Romans

William O'Domhnuill New Testament
of 1602; 1817 edition

The Authorized English Bible of 1611
1769 Edition

Caibidil 1

Ag admhail a Absdoldacht, 21 dearbha Pól gur ab peactha graineamhla is bacadh ar an fhirinne.

Chapter 1

1 Pol, searbhfhóghantuíghe Iósa Críod, do goireadh *chum bheith* na absdal, do toghadh chum soisgéil Dé.

2 (Noch do réimhgeall sé tré ná fháidhibh sna sgríobtúraibh náomhtha,)

3 A dtimcheall a Mhic Iósa Críod ar Dtighearna, (do gineadh do shíol Dháibhi do réir na féola;

4 Do foillsigheadh na Mhac Dé a gcúmhadhaibh, do réir spioraid na náomhthachda, tré eiséirghe ó mharbhaibh:)

5 Tré a bhfúaramairne grása agus absdaltachd, chum úmhlachda an chreidimh; a measg na nuile chineadhach, ar son anmasan:

6 (Eidir a bhfuil sibhsi leis ar bhur ngairm ré Híosa Críod:)

7 Chugaibhsi uile an mhéid atá sa Róimh, ar bhur ngrádhughadh ó Dhía, agus bhur náomhaibh do réir gharma: Grása agus siothcháin maille ribh ó Dhía ar Nathair, agus an Dtighearna Iósa Críod.

8 Ar tús, beirim buidheachus ré mo Dhía féin tré Iósa Críod ar bhur sonsa uile, do bhrígh go bhfuil túarasgbháil bhúr greidmhe ar feadh an domhain uile.

9 Oír atá Día dfiadhnuise agum, dhá ndéanaim seirbhís am spioraid a soisgéul a Mhic, go mbím gan sgur ag teachd thoraibh;

10 Ag iarraidh do shíor am urnaighe, a fhagháil do thoil Dé, asdar séunmhar ar chor éigin do dhéanamh dhamh fa dheóigh ré teachd chugaibhse.

11 Oír atá ro fhonn oram sibhse dfaicsin, ar ghléus go roinnfinn ribh tiodhlacadh éigin spioradalta, chum bhur neartuíghe;

12 Eadhon ionnus go bhfuighinn comhfhurtachd bhur bhfochairse tré chreideamh a cheile *eadhon* bhur greideamhsa agus mo chreideamhsa.

13 Agus, a dhearbhrathreacha, ní háill leam gan a fhios do bheith agaibh, gur chuir me romham go minic teachd chugaibh, (gidheadh do cuireadh toirmeasg oram gus a nois,) ionnus go bhfuighinn toradh éigin bhur

1 Paul, a servant of Jesus Christ, called *to be* an apostle, separated unto the gospel of God,

2 (Which he had promised afore by his prophets in the holy scriptures,)

3 Concerning his Son Jesus Christ our Lord, which was made of the seed of David according to the flesh;

4 And declared *to be* the Son of God with power, according to the spirit of holiness, by the resurrection from the dead:

5 By whom we have received grace and apostleship, for obedience to the faith among all nations, for his name:

6 Among whom are ye also the called of Jesus Christ:

7 To all that be in Rome, beloved of God, called *to be* saints: Grace to you and peace from God our Father, and the Lord Jesus Christ.

8 First, I thank my God through Jesus Christ for you all, that your faith is spoken of throughout the whole world.

9 For God is my witness, whom I serve with my spirit in the gospel of his Son, that without ceasing I make mention of you always in my prayers;

10 Making request, if by any means now at length I might have a prosperous journey by the will of God to come unto you.

11 For I long to see you, that I may impart unto you some spiritual gift, to the end ye may be established;

12 That is, that I may be comforted together with you by the mutual faith both of you and me.

13 Now I would not have you ignorant, brethren, that oftentimes I purposed to come unto you, (but was let hitherto,) that I might have some fruit among you also, even as among other Gentiles.

measgsa, comhmaith ris na Cineadhachaibh eile.

14 Atáim am fhéitheamhnach do na Gréugachaibh, agus do na dáoinibh Barbártha; do dháoinibh glioca, agus neamhghlioca.

15 Ar a nadhbharsin, an mhéid is éidir leam, atáim ullamh chum an tsoisgéil do sheanmóir dháoihbse mar an gcéudna a bhfuiltí sa Róimh.

16 Oír ní bhfuil náire óram fá shoisgéal Chríod: do bhrigh gur ab é cúmhachd Dé é chum slánaighe dá gach áon chreideas; don Iúdaighe ar tús, agus fós don Ghréugach.

17 Oír as ann fhoillsightheas fíréuntachd Dé ó chreideamh go creideamh: amhail atá sgríobhtha, Do ghéubhaidh an firéun beatha tre chreideamh.

18 Oír fhoillsightheas fearg Dé ó neamh anaghaidh gach úile neamhdhíadhachd agus eagcóir na ndáoineadh, chongmhas a nfinne a neamhfhireantachd;

19 Oír an mhéid déolus is éidir dfagháil ar Dhía atá sé go follus ionntasan; oír do rinne Dáa follus dhóibh é.

20 Oír a neithesion nach éidir dfaicsin, *mar atá* a chúmhachd síorraidhe agus a dhiadhachd, atáid síad soilléir sóthuigsighe ó chrúthughadh an domhain treas na neithe do rinneadh; ionnus nach beith leithsgéul aca:

21 Do bhrigh, ar naithniughadh Dé dhóibh, nach dtugadar glóir dhó mar Dhía, agus nach rugadar buidheachus ris; achd gur líonadar do dhíomháoineas ann a smuáintighibh, agus gur dalladh a gcoírdhe neamhthuigsionach.

22 Ag rádh gur dhaóine éagnuidhe íad fein, do rinneadh amadáin dhíobh,

23 Oír do iompóidheadar glóir Dé nach éidir do thruáilleadh a geosamhlachd iomháighe dhuine shothruáillighe, agus éunlaithe, agus ainmhinnteadh cheatharchosach, agus phéisdeagh.

24 Ar a nadhbharsin tug Dáa íadsan mar an gcéudna chum neamhghlaine tre aínmhánaibh a gcoírdheadh féin, chum a gcorp do shalchadh eatorra féin:

25 Mar dhruing do iompóidh fírinne Dé a mbréig, agus do rinne onóir agus seirbhís don chreatúr ag treigean an Chruthaighthéora, noch atá beannaighe go síorraidhe. Amén.

26 Ar a nadhbharsa tug Dáa íad dainmhánaibh gráineamhla: oír do athruigheadar a mná a ngnáthughadh nádúrtha go ngnáthughadh mínádurtha:

14 I am debtor both to the Greeks, and to the Barbarians; both to the wise, and to the unwise.

15 So, as much as in me is, I am ready to preach the gospel to you that are at Rome also.

16 For I am not ashamed of the gospel of Christ: for it is the power of God unto salvation to every one that believeth; to the Jew first, and also to the Greek.

17 For therein is the righteousness of God revealed from faith to faith: as it is written, The just shall live by faith.

18 For the wrath of God is revealed from heaven against all ungodliness and unrighteousness of men, who hold the truth in unrighteousness;

19 Because that which may be known of God is manifest in them; for God hath shewed *it* unto them.

20 For the invisible things of him from the creation of the world are clearly seen, being understood by the things that are made, *even* his eternal power and Godhead; so that they are without excuse:

21 Because that, when they knew God, they glorified *him* not as God, neither were thankful; but became vain in their imaginations, and their foolish heart was darkened.

22 Professing themselves to be wise, they became fools,

23 And changed the glory of the uncorruptible God into an image made like to corruptible man, and to birds, and fourfooted beasts, and creeping things.

24 Wherefore God also gave them up to uncleanness through the lusts of their own hearts, to dishonour their own bodies between themselves:

25 Who changed the truth of God into a lie, and worshipped and served the creature more than the Creator, who is blessed for ever. Amen.

26 For this cause God gave them up unto vile affections: for even their women did change the natural use into that which is against nature:

27 Agus mar an gcéudna na fir, ar dtréigean ghnáthaighe nadúrtha na mban dóibh, do lasadar ann a nainmianaibh an fear a naghaidh a chéile; na fir ag déunamh gráineamhlachda ris na fearuibh, agus fúaradar ionnta féin luáidheachd a seachrain, mar budh cóir.

28 Agus amhail mar nár chuireadar suim a néolus Dé do chongmháil, as mar sin tug Dáa íadsan díntinn neamhchéillidhe, ionnus go ndéunaidis neithe nar bhiomchubhaidh.

29 Ar na líonadh do nuile éugcóir, do mhaílis, do dhrúis, do dhroichmhéin, do shaint; ar na líonadh do thnúth, do dhúnmharbhadh, do cheannarraic, do mheabhail, do dhrochbhéusuibh; luchd siusarnuighe.

30 Luchd ithiomráidh, luchd fúathaighe Dé, luchd tarhuisne, dáoine uáibhreacha, mórdhálacha, luchd comtha uile, easúmhal daithreachaibh agus do mhaithreachaibh,

31 Eigcéillidhe, neamhchoingheallach, gan ghrádh nadúrtha, doríartha, neamhthrócaireach:

32 Noch, ar naithne dhlighe Dé dhóibh, (eadhon go dtuillid luchd na ngníomhsa do dhéunamh bás,) ní hé amháin fós íad féin dá ndéunamh, achd mar an gcéudna cáomhnuid síad luchd a ndéunta.

27 And likewise also the men, leaving the natural use of the woman, burned in their lust one toward another; men with men working that which is unseemly, and receiving in themselves that recompence of their error which was meet.

28 And even as they did not like to retain God in *their* knowledge, God gave them over to a reprobate mind, to do those things which are not convenient;

29 Being filled with all unrighteousness, fornication, wickedness, covetousness, maliciousness; full of envy, murder, debate, deceit, malignity; whisperers,

30 Backbiters, haters of God, spiteful, proud, boasters, inventors of evil things, disobedient to parents,

31 Without understanding, covenantbreakers, without natural affection, implacable, unmerciful:

32 Who knowing the judgment of God, that they which commit such things are worthy of death, not only do the same, but have pleasure in them that do them.

Caibidil 2

Gu bhfuil na Iuduighe agus na Cineadhacha faoi áondamnadh arson pheacaidh.

1 Ar a nadhbharin ní héidir do leisgél a ghabháil, a dhuine, gidh bé ar bith thú dhamnuigheas *duine eile*, oir ann sa ní a ndáorann tú neach eile, dáoradh tú thú féin; oir thusa dháorus *duine eile* do ní tú na neithe céadna.

2 Achd atá a fhios aguinne go bhfuil breitheamhnas Dé do réir na fírinne a naghuidh na muinntire do ní ionnsamhail na neitheadh sin.

3 Agus an measann tusa so, O a dhuine dhamnuigheas an dream do ní a leitheid súd, agus thú féin dá ndéunamh, go racha tú as ó bhreitheamhnus Dé?

4 Nó an dtarcuisnidheann tú saidhbhreas a mhaitheasa agus a fhoighide agus foide a fhulaing; gan a fhios agad go dtréoruigheann maitheas Dé thú chum aithrighe?

5 Achd do réir do chruáis féin agus do chroíidhe neamhaithrigheach taisgidh tú dhuit féin féarg fá chomhair láoi na feirge agus fhoillsighthe cheirtbhreitheamhnus Dé;

Chapter 2

1 Therefore thou art inexcusable, O man, whosoever thou art that judgest: for wherein thou judgest another, thou condemnest thyself; for thou that judgest doest the same things.

2 But we are sure that the judgment of God is according to truth against them which commit such things.

3 And thinkest thou this, O man, that judgest them which do such things, and doest the same, that thou shalt escape the judgment of God?

4 Or despisest thou the riches of his goodness and forbearance and longsuffering; not knowing that the goodness of God leadeth thee to repentance?

5 But after thy hardness and impenitent heart treasurest up unto thyself wrath against the day of wrath and revelation of the righteous judgment of God;

6 Noch a bhéuras dá gach éinneach do réir a ghníomhartha:

7 Eadhon don druing íarrus tré fhoighid na deaghoibre glóir agus onóir agus neamhthruáilleadh, an bheatha mharrthanach:

8 Achd don dreim ata ceannairrceach, agus nach umhluígeann don fhírinne, achd chreideas do néagcóruigh, *dó bhéurthar* diombugh agus fearg.

9 Trioblóid agus doghruing, air anam gach áonduine do ní olc, an lúdaidhe ar tús, agus an Ghréugaigh mar an gcéudna;

10 Achd glóir, agus onóir, agus siothcháin, do gach áon do ní maith, don Iúduighe ar tús, agus don Ghréugach mar an gcéudna:

11 Oír ní bhfuil cion ag Día ar phearsain seach a chéile.

12 Oír an mhéid do pheacuigh gan an dligheadh rachuid a múgha gan an dligheadh: agus an mhéid do pheacuigh sa dligheadh daiméontar íad leis a ndligheadh;

13 (Oír ní híad luchd éisdeachda an dlighidh atá na bhfírénchuibh a bhfiadhnuisi Dé, achd luchd choimhlíonta an dlighigh a síad shaorfuidhear.

14 Oír na Cineadhacha ag nach bhfuil an dligheadh, do níd síad ó nádúir na neithe bheanas ris an dligheadh, íad so, ag nach bhfuil an dligheadh aca, atáid síad na ndligheadh dhóibh féin:

15 Noch fhoillsigheas obair an dlighidh sgríobhtha an a gcroidhthibh, ar mbeith dá gcogús ag déunamh fiadhnuise má ráon ríu, agus a smuáintighthe ag éiliughadh a chéile nó fós ag gabháil a leisgiél;)

16 Ann sa lá an a mbéura Día breith ar sheicréidibh na ndáoine tré Iósa Críod do réir mo shoisgéilsi.

17 Féuch, goirthear Iúduidhe dhíotsa, agus múinighidh tú as a ndligheadh, agus do ní tú mordháil as Día.

18 Agus atá fios a thoile agad, agus dearbhuidh tú na neithe as féarr, ar mbéith foghlomtha dhuit ón dligheadh;

19 Agus atáoi dóthchasach go bhfuil tú ad éoluighe ag na dalluibh, ad sholas ag an muinntir atá a ndorchadas,

20 A tfor múinte na ndáoine neamheagnuidhe, ad theagasgóir na leanbabh, ar son go bhfuil foirm a néoluis agus na fírinne agad sa dligheadh.

21 Thusa ar a nadhbharsin mhúineas duine eile, créd nach múineann tú thú féin? thusa

6 Who will render to every man according to his deeds:

7 To them who by patient continuance in well doing seek for glory and honour and immortality, eternal life:

8 But unto them that are contentious, and do not obey the truth, but obey unrighteousness, indignation and wrath,

9 Tribulation and anguish, upon every soul of man that doeth evil, of the Jew first, and also of the Gentile;

10 But glory, honour, and peace, to every man that worketh good, to the Jew first, and also to the Gentile:

11 For there is no respect of persons with God.

12 For as many as have sinned without law shall also perish without law: and as many as have sinned in the law shall be judged by the law;

13 (For not the hearers of the law *are* just before God, but the doers of the law shall be justified.

14 For when the Gentiles, which have not the law, do by nature the things contained in the law, these, having not the law, are a law unto themselves:

15 Which shew the work of the law written in their hearts, their conscience also bearing witness, and *their* thoughts the mean while accusing or else excusing one another;)

16 In the day when God shall judge the secrets of men by Jesus Christ according to my gospel.

17 Behold, thou art called a Jew, and restest in the law, and makest thy boast of God,

18 And knowest *his* will, and approvest the things that are more excellent, being instructed out of the law;

19 And art confident that thou thyself art a guide of the blind, a light of them which are in darkness,

20 An instructor of the foolish, a teacher of babes, which hast the form of knowledge and of the truth in the law.

21 Thou therefore which teachest another, teachest thou not thyself? thou that preachest a man should not steal, dost thou steal?

sheanmóireas gan ghoid do dhéunamh, a ndéunann tú féin goid?

22 Thusa a deir gan adhaltrannas do dhéanamh, a ndéanann tú féin adhaltrannas? thusa agá bhfuil gráin ar na hiodhaluibh, an sladann tú a neaglais?

23 Thusa do ní mórdháil as a ndligheadh, an dtabhair tú easonóir do Dhía tré bhriseadh an dlighe?

24 Oir masluighthear ainm Dé thribhsi eidir na Cineádhachuibh, mar atá sgríobhtha.

25 Oir is tarbhach an timcheallghearradh go deimhin má coimhéudann tu an dligheadh: achd más fear bhrisde an dlighidh thú, atá do thimcheallghearradh gan bheith na thimcheallghearradh.

26 Ar a nadhbharsin má choimhéudann an neamhthimcheallghearradh ordaighe an dlighe, a né nách measfuighthear a neamhthimcheallghearradh do bheith na thimcheallghearradh.

27 Agus a né nach daiméona an neamhthimcheallghearradh átá ó nadúir, má choimhéudann sé an dlígheadh, thusa, atá ad fhior sárui ghe an dlighe tré an litir agus tré an dtimcheallghearradh?

28 Oir ní hé an tí atá go follas, is Iúduighe ann; ná fós an dtimcheallghearradh atá go follas sa bhfeoil, *is timcheallghearradh*:

29 Achd an té atá ós íseal, na Iúduidhe; agus timcheallghearradh an chroíde, ann sa spioruid, agus ní sa litir; aga bhfuil a mholadh ní ó dhaóinibh, achd ó Dhía.

Caibidil 3

O sharuigh na Iúduighe an reachd, 28 sé creideamh is didean dóibhsi, agus do na Cineadhachaibh.

1 Maseadh cred é an bárr atá ag an Iúduidhe? nó cred é tarbha an timcheallghearrtha?

2 Is mór é ar gach áonchor: a chéadúair, do bhrígh gur ríusan do tháobhadh bhríathra Dé.

3 Oir cred é an chúis má nár chreideadar dream áirighe dhíobh? a ndéuna a neamhchreideamhsan firinne Dé gan eifeachd?

4 Nár léige DÍA sin: achd, bíodh DÍA firinneach, agus gach uile dhuine bréugach; mar atá sgríobhtha, Ar chor go sáorfuidhe thú ad bhríathruibh, agus go mbeartha buáidh an tan bheireas tú breith.

5 Achd má neartuigheann ar néagcóirne cóir De, cred a déaram? *An bhfuil DÍA éagcórach do ní dioghaltus? (mar dhuine labhruim.)*

22 Thou that sayest a man should not commit adultery, dost thou commit adultery? thou that abhorrest idols, dost thou commit sacrilege?

23 Thou that makest thy boast of the law, through breaking the law dishonourest thou God?

24 For the name of God is blasphemed among the Gentiles through you, as it is written.

25 For circumcision verily profiteth, if thou keep the law: but if thou be a breaker of the law, thy circumcision is made uncircumcision.

26 Therefore if the uncircumcision keep the righteousness of the law, shall not his uncircumcision be counted for circumcision?

27 And shall not uncircumcision which is by nature, if it fulfil the law, judge thee, who by the letter and circumcision dost transgress the law?

28 For he is not a Jew, which is one outwardly; neither *is that* circumcision, which is outward in the flesh:

29 But he *is* a Jew, which is one inwardly; and circumcision *is that* of the heart, in the spirit, *and* not in the letter; whose praise *is* not of men, but of God.

Chapter 3

1 What advantage then hath the Jew? or what profit *is there* of circumcision?

2 Much every way: chiefly, because that unto them were committed the oracles of God.

3 For what if some did not believe? shall their unbelief make the faith of God without effect?

4 God forbid: yea, let God be true, but every man a liar; as it is written, That thou mightest be justified in thy sayings, and mightest overcome when thou art judged.

5 But if our unrighteousness commend the righteousness of God, what shall we say? *Is*

6 Nár léige Dúa sin: oir don táobh eile cionnas bhias Dúa na bhreitheamh ar a tsáoghal?

7 Oír má mhéudaighe fírinne Dé trém bhréigsi chum a ghlóiresion; créd fá a ndamantar misi fós mar pheacthach?

8 Agus créd fá nach déanámaoid uile, ionnus go dtiocfadh maithe dhíobh, (do réir mar mhaslaighthe sinne, agus mar a deirid dáoine áirighe) ar a dtig damnúghadh ó cheart, go nabramáoid?

9 Créd eile má seadh? an bhfuilmídne ag breith bháirr? Ní bhfuilmíd, ar éanchor: oír do shuigheamar roimhe so na Iúduighe agus na Gréaguigh uile, do bheith fá pheacadh;

10 Mar atá sgríobhtha, Ní bhfuil firéun ann, fós, ní bhfuil, áonnduine:

11 Ní bhfuil neach ann thuigeas, ní bhfuil neach íarrus Dúa.

12 Do chláonadar uile, atáid síad a néinfheachd ar na ndéunamh mítharbhach; ní bhfuil neach ann do dhéunadh maith, ní bhfuil, go héinneach.

13 As uáimh osguilte a sgórnach; do rinneadar meabhail lé na dteangthuibh, atá neimh na naithreach neimhe fa na bpusuibh:

14 Agá bhfuil a mbéul lán do mhallachdaibh agus do shearbhas:

15 Atáid a gcosa lúath chum fola dhórtadh:

16 Agá bhfuil briseadh croídhe agus anshógh ann a slighthibh:

17 Agus nior aithnigheadar slighe na siothchána:

18 Ní bhfuil eagla Dé a bhfiadhnuisi a súl.

19 Agus atá a fhios aguinne gidh bé ar bith neithe a deir an dligheadh, gur ris a ndreim atá fán dligheadh labhrus sé: ionnus go dtochdfuidh gach uile bhéul, agus go mbeith an domhan uile cionntach do breitheamhnus Dé.

20 Ar a nadhbharsin ní sháorfuidhtheair éinneach na fhíadhnuisision ó oibrighibh an dlighe: oír is trés an dligheadh tig aithne an pheacuigh.

21 Achd a nois a néagmhuis a dlighe atá ceart Dé ar na dhéunamh follas, ar na dhearbhadh lé fiadhnuisi an dlighe agus na bhfiáidheadh;

22 Ceart Dé a deirim tré chreideamh Iósa Crísd dá gach áonduine agus ar gach áon chreideas: oír ni bhfuil eirdhéalughadh ann:

23 Oír do pheacaigh a nuile dhuine, agus atáid a négmhuis ghlóire Dé;

God unrighteous who taketh vengeance? (I speak as a man)

6 God forbid: for then how shall God judge the world?

7 For if the truth of God hath more abounded through my lie unto his glory; why yet am I also judged as a sinner?

8 And not *rather*, (as we be slanderously reported, and as some affirm that we say,) Let us do evil, that good may come? whose damnation is just.

9 What then? are we better *than they*? No, in no wise: for we have before proved both Jews and Gentiles, that they are all under sin;

10 As it is written, There is none righteous, no, not one:

11 There is none that understandeth, there is none that seeketh after God.

12 They are all gone out of the way, they are together become unprofitable; there is none that doeth good, no, not one.

13 Their throat is an open sepulchre; with their tongues they have used deceit; the poison of asps is under their lips:

14 Whose mouth is full of cursing and bitterness:

15 Their feet are swift to shed blood:

16 Destruction and misery are in their ways:

17 And the way of peace have they not known:

18 There is no fear of God before their eyes.

19 Now we know that what things soever the law saith, it saith to them who are under the law: that every mouth may be stopped, and all the world may become guilty before God.

20 Therefore by the deeds of the law there shall no flesh be justified in his sight: for by the law is the knowledge of sin.

21 But now the righteousness of God without the law is manifested, being witnessed by the law and the prophets;

22 Even the righteousness of God *which is* by faith of Jesus Christ unto all and upon all them that believe: for there is no difference:

23 For all have sinned, and come short of the glory of God;

24 Agus atáid ar na sáoradh a naisgidh ré na ghrásuibhsean tré an bhfúasgladh do rinneadh lé Híosa Críod:

25 Noch do órduigh Día na cheann réightigh tré chreideamh ann a fhuil, chum a fhíríantachda dfoillsiughadh, tré mhaithmheachas na bpeacadh do chuáidh tharuinn, a bhfoighid Dé;

26 Chum a fhíríantachda féin dfoillsiughadh ann sa naimsirsi do lathair ionnus go mbíadh sé féin ceart, agus go sáorfadh sé an té atá do chreideamh Iósa.

27 Ar a nadhbharsin cáit a bhfuil an mhórdhúil? Atá sí ar na cur amach. Cía an dligheadh? an tré dhligheadh na noibreacha? Ní headh, achd tré dhligheadh an chredimh.

28 Measamuid ar a nadhbharsin gur lé creideamh sháorthar an duine a néagmhuis oibreach an dlighe.

29 An leis na Iúdaighibh amháin Día? a né nach leis na Cineadhachuibh é mar an ccéadna? Go deimhim a sé Día na Gcineadhach é leis:

30 Oír is éin Ndía sháorfais an timcheallghearradh ó chreideamh, agus an neamhthimcheallghearradh tré chreideamh.

31 Uime sin a ndéunmáoid an dligheadh neamhthabhadhach tré san gcreideamh? Nár léige Día sin: achd fós, neartuighemíd an dligheadh.

Caibidil 4

Gurab tré Chreideamh amhain, do mheasadh gach duine, firinneach.

1 Uime sin créid a déaram, go fuáir Abraham ar nathair, do réir na feola?

2 Oír más ó oibreacha do sáoradh Abraham, atá adhbhar máoidhfeachuis aige; achd ní a dtáobh De.

3 Oír créid a deir an sgríobtur? Do chreid Abraham do Dhía, agus domeasadh sin dó mór fhíríantachd.

4 Achd don té do ní obuir ní do réir ghrás mheasdar túarasdal dó, achd dó réir fhíach.

5 Achd don té nach déineann obair achd chreideas ann sa tí sháorus an duine neamhdhíadha, measdar a chreideamh mar fhíríantachd.

6 Amhail a deir Dáibhí mar an gcéudna, Gur beannuighe an duine dá measánn Día fíríantachd gan oibreacha.

7 *Ag rádh is beannuighe an dream agá bhfuil a ndroichghníomhartha ar na maitheamh*

24 Being justified freely by his grace through the redemption that is in Christ Jesus:

25 Whom God hath set forth *to be* a propitiation through faith in his blood, to declare his righteousness for the remission of sins that are past, through the forbearance of God;

26 To declare, *I say*, at this time his righteousness: that he might be just, and the justifier of him which believeth in Jesus.

27 Where *is* boasting then? It is excluded. By what law? of works? Nay: but by the law of faith.

28 Therefore we conclude that a man is justified by faith without the deeds of the law.

29 *Is he* the God of the Jews only? *is he* not also of the Gentiles? Yes, of the Gentiles also:

30 Seeing *it is* one God, which shall justify the circumcision by faith, and uncircumcision through faith.

31 Do we then make void the law through faith? God forbid: yea, we establish the law.

Chapter 4

1 What shall we say then that Abraham our father, as pertaining to the flesh, hath found?

2 For if Abraham were justified by works, he hath *whereof* to glory; but not before God.

3 For what saith the scripture? Abraham believed God, and it was counted unto him for righteousness.

4 Now to him that worketh is the reward not reckoned of grace, but of debt.

5 But to him that worketh not, but believeth on him that justifieth the ungodly, his faith is counted for righteousness.

6 Even as David also describeth the blessedness of the man, unto whom God imputeth righteousness without works,

7 *Saying*, Blessed *are* they whose iniquities are forgiven, and whose sins are covered.

dhóibh, agus agá bhfuilid a bpeacuigh ar na bhfolach.

8 *Is* beannuighe an té ag nach ccuífí an Tighearna peacadh na leith.

9 Ar a nadhbarsin an ann sa timcheallghearradh *amháin* atá an beannachdadh, nó fós ann sa neamhthimcheallghearradh? óir a deirmíd gur measadh a chreideamh Dábraham mar fhiréantachd.

10 Maseadh cionnas do measadh dhó é? a né a núair do bhí sé sa timcheallghearradh, nó a núair nach raibh? Ní ann sa timchillghearradh, achd ann sa neamhthimchillghearradh.

11 Agus do ghlac sé comhartha an timchillghearrtha, séula fíréantachda an chreidimh *do bhí aige* an sa neamhthimcheallghearradh: ionnus go mbeith sé na athair ag gach áon do chreidfeadh san neamhthimchillghearradh; do chum go measfuidhe fíréantachd dhóibhsean mar an gcéudna:

12 Agus na athair an timchillghearrtha ní hé amháin don dreim atá don timchillghearradh, achd mar an gcéudna don dreim leanas lurg chreidimh ar nathar Abraham, noch do bhí *aige* ann sa neamhthimchillghearradh.

13 Óir ní tré san dligheadh, *do rinneadh* an gealladh, Dabraham, nó dbá shliochd, go mbiadh sé na oighre ar an domhan, achd tré fhiréantachd an chreidimh.

14 Óir má atá muinntir an dlighe na noidhrighibh, atá an creideamh ar na dhéunamh diomháoin, agus an gealladh neamhthabhachdach:

15 Do bhrígh go noibrigheann an dligheadh fearg: óir gidh bé áit nach bhfuil dligheadh, *ní bhfuil* briseadh dlighe ann sin.

16 Uime sin *is ó* chreideamh, *ata a noidhreachd*, ionnus *go mbíadh si* tré ghrasuibh; chum na geallamhna do bheith díongmhála don tsíol uile; ní hé amháin don chuid *atá* don dligheadh, achd mar an gcéudna don chuid *atá* do chreideamh Abraham; atá na athair aguinne uile.

17 (Mar atá sgríobhtha, Do órduigh mé thú ad athair do chineadhachuibh iomdha,) a bhfiadhnuisi Dé, dar chreid sé, noch a bhéodhuigheas na mairbh, agus ghoireas na neithe nach bhfuil amhail as do bheidis ann.

18 *Abraham* noch do chreid fa dhóthchus a naghuidh dóthchúis, go mbiadh sé na athair iomad cineadhach, do réir mar a dubhradh, *Is* mar sin bhías do shíolsa.

8 Blessed is the man to whom the Lord will not impute sin.

9 *Cometh* this blessedness then upon the circumcision *only*, or upon the uncircumcision also? for we say that faith was reckoned to Abraham for righteousness.

10 How was it then reckoned? when he was in circumcision, or in uncircumcision? Not in circumcision, but in uncircumcision.

11 And he received the sign of circumcision, a seal of the righteousness of the faith which *he had yet* being uncircumcised: that he might be the father of all them that believe, though they be not circumcised; that righteousness might be imputed unto them also:

12 And the father of circumcision to them who are not of the circumcision only, but who also walk in the steps of that faith of our father Abraham, which *he had* being *yet* uncircumcised.

13 For the promise, that he should be the heir of the world, *was* not to Abraham, or to his seed, through the law, but through the righteousness of faith.

14 For if they which are of the law *be* heirs, faith is made void, and the promise made of none effect:

15 Because the law worketh wrath: for where no law is, *there is* no transgression.

16 Therefore *it is* of faith, that *it might be* by grace; to the end the promise might be sure to all the seed; not to that only which is of the law, but to that also which is of the faith of Abraham; who is the father of us all,

17 (As it is written, I have made thee a father of many nations,) before him whom he believed, *even* God, who quickeneth the dead, and calleth those things which be not as though they were.

18 Who against hope believed in hope, that he might become the father of many nations, according to that which was spoken, So shall thy seed be.

19 Agus ar mbeith neimhmeirbh dhó a greideamh, níor chuir sé íona suim go raibh a chorp féin cheana gan spracadh, ar mbeith dhó a dtimcheall chéd bliádhán, na fós a neimhbrioghmhuireachd bhronn Shára:

20 Agus níor chuir se cunntabhairt a ngealladh Dé lé míchreideamh; achd do neartuigheadh é a greideamh, ar dtabhairt ghlóire do Dhía;

21 Agus do bhí a láindeimhin aige, an té thug an gealladh, gur cúmhachdach é ar choimhlíonadh.

22 Ar a nadhbharsin do measadh so dhó mar fhíreantachd.

23 Gidheadh ní ar a shonsan amháin do scríobhadh, gur measadh so dhó;

24 Achd már an gcéudna air ar soinne, dá measfuihear é, ma chreidmíd ann sa té do dhúisigh Iosa ar Dtighearna ó mharbhuibh;

25 Noch do bhásuigheadh air son ar gciontaine, agus do haithbheódhuigheadh chum sinne sháoradh.

19 And being not weak in faith, he considered not his own body now dead, when he was about an hundred years old, neither yet the deadness of Sara's womb:

20 He staggered not at the promise of God through unbelief; but was strong in faith, giving glory to God;

21 And being fully persuaded that, what he had promised, he was able also to perform.

22 And therefore it was imputed to him for righteousness.

23 Now it was not written for his sake alone, that it was imputed to him;

24 But for us also, to whom it shall be imputed, if we believe on him that raised up Jesus our Lord from the dead;

25 Who was delivered for our offences, and was raised again for our justification.

Caibidil 5

Toradh na saóirsinne tré chreideamh; 12 agus Coimhshíneadh Adháimh agus Chríod ré chéile.

1 Ar a nadhbharsin tar éis ar soártha tré chreideamh, atá siothcháin aguinn ré Día tré ar Dtighearna Iósa Críod:

2 Tré na bhfúaramar mar an gcéadna slighe trés an greideamh chum na ngrása ann a seasmáoid, agus a ndéanamáoid gáirdeachás fá mhúiníghin ghlóire Dé.

3 Agus ní hé amháin, achd do nimid gáirdeachus mar an gcéadna a dtrioblóidibh: do bhrígh go bhfuil a fhios aguinn go noibrigheann an trioblóid foighid;

4 Agus an fhoighid, dearbhadh; agus an dearbhadh, dóthchus:

5 Achd ní adhnáirgheann an dóchus; do bhrígh go bhfuil grádh Dé ar na dhórtudh an ar gcroidhibhne trés an Spiorad Náomh atá ar na thabhairt dúinn.

6 Oír do fhúlaing Críod bás na am féin ar son na ndaóineadh neamhdhíadha, an tan do bhámar fós anbhann.

7 Oír deimhin is deacair go bhfuileongadh duine bás ar son fhírénúigh: oír dob éidir go lamthadh duine éigin bás dfulang ar son dhuine mhaith.

8 Achd foillsighidh Día a ghrádh féin dúinne ann so, do bhrígh ag mbeith dhúinn fós ar bpeacthachuibh, gur fhuiling Críod bás air ar son.

1 Therefore being justified by faith, we have peace with God through our Lord Jesus Christ:

2 By whom also we have access by faith into this grace wherein we stand, and rejoice in hope of the glory of God.

3 And not only so, but we glory in tribulations also: knowing that tribulation worketh patience;

4 And patience, experience; and experience, hope:

5 And hope maketh not ashamed; because the love of God is shed abroad in our hearts by the Holy Ghost which is given unto us.

6 For when we were yet without strength, in due time Christ died for the ungodly.

7 For scarcely for a righteous man will one die: yet peradventure for a good man some would even dare to die.

8 But God commendeth his love toward us, in that, while we were yet sinners, Christ died for us.

Chapter 5

9 Ar a nadhbharsin, tar éis ar sáortha a nois lé na fhuilsion, is mó go mór choimhéudfuidhtear sinn thrídsion ó fheirg.

10 Oír má, réidheadh eadruinne agus Día tré bás a Mhic, a nuáir do bhámar ar náimhdibh, is mó ná sin go mór, ar mbeith a nathmhuinntear dhas dúinn, choimhéadfuightheas sinn tré na bheathasan.

11 Agus ní hé sin amháin, achd mór an gcéudna do nímid máoidheamh a Ndía tré ar Dtighearna Iósa Críod, tré a bhfúaramar a nois an tathmhuinntear dhas.

12 Ar a nadhbharsin mar tháinic an peacadh air a tsáoghal tré áonduine amháin, agus an bás tré an bpeacadh; is mar sin ráinic an bás na huile dhaóine, ar son gur pheacúigheadar uile:

13 Oír gus an dligheadh do bhí an peacadh ann sa tsáoghal, achd ní cuirtheas an peacadh a leith dhuine a nuáir nach mbíonn dligheadh ann.

14 Gidheadh do bhí rioghachd ag an mbás ó Adhamh go Maóisi, ar a ndrém fós nar pheacaigh do réir chosamhlachda easúmlachda Adhuimh, noch atá na fhioghair ag an té úd do bhí chum teachda.

15 Achd ní mar an geoir, atá an tiodhlacadh. Oír má fúaradar mórán bás tré thuitim áonduine amháin, is romhó na sin do acfuinnigh grás Dé, agus an tiodhlacadh tré ghrás a náonduine Iósa Críod, do mhórán.

16 Agus ní mar an *táonduine* do pheacuigh, atá an tabhartas: oír *tháinic* an bhreitheamhnus tré áonchoir amháin chum dámanta, achd *tainic* an tabhartus ó iomad cionntadh chum sáortha.

17 Oír más do bhrigh áonchoire amháin do ghabh an bás rioghachd tré áonduine; is mó ná sin go mór do ghéubhá an mhuinntir ghlacas fáirsingi ghrása agus thabhartais na fireantachda rioghachd a mbeatha tré áon, *eadhon* Iósa Críod.

18 Ar a nadhbharsin, amháin as tré áonchoir amháin *tháinic breitheamhnus* air ná huile dhaóinibh chum damanta; is mar sin *tháinic an tabhartus* tré áontsáoradh amháin air gach uile dhuine chum sáortha na beatha.

19 Oír mar is tré easúmlachd éundúine amháin do rinneadh peacuigh do mhorán, is mar sin tré úmhlachd *éundúine* amháin do dhéantar firéanuigh do mhórán.

20 Achd tháinic an dligheadh, ionnus go méidéochthaóí an choir. Achd sa bhall ar mhéuduigh an peacadh is *ann* rug an grás bárr:

9 Much more then, being now justified by his blood, we shall be saved from wrath through him.

10 For if, when we were enemies, we were reconciled to God by the death of his Son, much more, being reconciled, we shall be saved by his life.

11 And not only so, but we also joy in God through our Lord Jesus Christ, by whom we have now received the atonement.

12 Wherefore, as by one man sin entered into the world, and death by sin; and so death passed upon all men, for that all have sinned:

13 (For until the law sin was in the world: but sin is not imputed when there is no law.

14 Nevertheless death reigned from Adam to Moses, even over them that had not sinned after the similitude of Adam's transgression, who is the figure of him that was to come.

15 But not as the offence, so also is the free gift. For if through the offence of one many be dead, much more the grace of God, and the gift by grace, *which is* by one man, Jesus Christ, hath abounded unto many.

16 And not as *it was* by one that sinned, so is the gift: for the judgment *was* by one to condemnation, but the free gift *is* of many offences unto justification.

17 For if by one man's offence death reigned by one; much more they which receive abundance of grace and of the gift of righteousness shall reign in life by one, Jesus Christ.)

18 Therefore as by the offence of one *judgment came* upon all men to condemnation; even so by the righteousness of one *the free gift came* upon all men unto justification of life.

19 For as by one man's disobedience many were made sinners, so by the obedience of one shall many be made righteous.

20 Moreover the law entered, that the offence might abound. But where sin abounded, grace did much more abound:

21 Ionnas dó réir mar do thighearnuigh an peacadh chum báis, go dtighearnóchadh grás mar an gcéudna tré fhiréantachd chum na beatha marthanuighe tré Iosa Críósd ar Dtighearna.

Caibidil 6

Ar chum peacadh do scrios, 4 aithghintear duine tré baisde, 12 agus fhásas sé a Geríósd.

1 Ar a nadhbharsin créd a déurum? An bhfanfum a gcómhnuidhe a bpeacadh, ionnus go líonfadh grás Dé?

2 Nár léige *Día sin*. Cionnas do fhéadfamaóisne, atá marbh don pheacadh, fuireach béo fós ann?

3 A né nach bhfuil a fhios agaibh, an mhéid dhínne do baisdeadh a Níosa Críósd gur baisdeadh sinn ann a bhás san?

4 Ar a nadhbharsin atámuid adhlaice maráon risean tré bhaisdeadh chum báis: ionnus do réir mar do tógbhadh súas Críósd ó mharbhaibh chum glóire a Náthar, gur mar sin mar an gcéudna do dhéunmais siubhal a núaidheachd beatha.

5 Oír dá raibh sinn air ar bplanndughadh maráon rision a gcosmhuilachd a bháis: bíam mar an gcéadna *a gcosmhuilachd a eiséirghe*:

6 Ar mbeith fhios so aguinn, go bhfuil ar seanduine ar ná chéusadh maráon *rision*, do chum go sgriosfuidhe corp an pheacaidh, ionnus nách déanamaóis seirbhis ó so súas don pheacadh.

7 Oír an tí fuáir bás, is saor é ó pheacadh.

8 Agus má fúaramar bás mar áon ré Críósd, creidmid go mairfeam mar an gcéudna maráon ris:

9 Ar mbeith a fhios aguinn ar néirghe do Chríósd ó mharbhaibh nach bhfuighe sé bás ní sa mhó; ní bhfuil tighearnus feasda ag an mbás air.

10 Oír ar bhfagháil bháis dó, is don pheacadh fuáir sé bás éunuáir amháin: achd ar mbeith béo dhó, is do Dhía atá sé béo.

11 Agus mar an gcéudna is measda dháoiibhsi go bhfuilte go deibhin marbh don pheacadh, agus béo do Dhía tré Iósa Críósd ar Dtighearna.

12 Ar a nadhbharsin na biodh rioghachd ag an bpeacadh ion bhur gcorp sómharbhtha, ionnus go dtiubhradh sibh úmhlachd dó ann ainmhianaibh.

13 Agus na tugaidh bhur mbaill na nármuibh éugcóra don pheacadh: achd tugaidh sibh féin do Dhía, mar *dhruing* atá béo ó mharbhuibh,

21 That as sin hath reigned unto death, even so might grace reign through righteousness unto eternal life by Jesus Christ our Lord.

Chapter 6

1 What shall we say then? Shall we continue in sin, that grace may abound?

2 God forbid. How shall we, that are dead to sin, live any longer therein?

3 Know ye not, that so many of us as were baptized into Jesus Christ were baptized into his death?

4 Therefore we are buried with him by baptism into death: that like as Christ was raised up from the dead by the glory of the Father, even so we also should walk in newness of life.

5 For if we have been planted together in the likeness of his death, we shall be also *in the likeness of his* resurrection:

6 Knowing this, that our old man is crucified with *him*, that the body of sin might be destroyed, that henceforth we should not serve sin.

7 For he that is dead is freed from sin.

